Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Meán Fómhair 2025 (OR. en)**

**13388/25**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0305 (NLE)**

**AGRI 454**
**FAO 45**
**ENV 911**
**RGA 5**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 29 Meán Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 564 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>gCINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de Chomhlacht Rialaithe an Chonartha Idirnáisiúnta maidir le hAcmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht a mhéid a bhaineann le tograí áirithe arna gcur isteach lena nglacadh le linn an 11ú seisiún |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 564 annex.

---

Faoi iamh: COM(2025) 564 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.9.2025
COM(2025) 564 final

ANNEX 1

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**gCINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de Chomhlacht Rialaithe an Chonartha Idirnáisiúnta maidir le hAcmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht a mhéid a bhaineann le tograí áirithe arna gcur isteach lena nglacadh le linn an 11ú seisiún**

## Iarscríbhinn I

## DRÉACHTLEASÚ AR IARSCRÍBHINN I A GHABHANN LEIS AN gCONRADH IDIRNÁISIÚNTA MAIDIR LE hACMHAINNÍ GÉINITEACHA PLANDAÍ DO BHIA AGUS DON TALMHAÍOCHT

1. Is é seasamh an Aontais go ndéanfar raon feidhme an chórais iltaobhaigh maidir le rochtain agus comhroinnt sochar ('an Córas Iltaobhach') a leathnú a mhéid is féidir chun na hacmhainní géiniteacha plandaí uile do bhia agus don talmhaíocht a chumhdach. Dá bhrí sin, in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh Idirnáisiúnta maidir le hAcmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht ('an Conradh'), cuirfear an mhír seo a leanas isteach i ndiaidh na liostaí de bharra bia agus foráistí:

   *'Ar mhaithe le cuspóirí agus raon feidhme an Chonartha seo a chur chun cinn, i gcomhréir le hAirteagal 3, agus gan dochar do phointe (h) d'Airteagal 12.3 de, cumhdóidh an Córas Iltaobhach, sa bhreis ar na barra bia agus na foráistí atá liostaithe thuas, gach acmhainn ghéiniteach plandaí eile do bhia agus don talmhaíocht, lena n-áirítear na hacmhainní géiniteacha plandaí sin do bhia agus don talmhaíocht a eiscíodh nó a eisiadh roimhe sin sa liosta thuas, atá faoi bhainistíocht agus faoi rialú na bPáirtithe Conarthacha agus atá san fhearann poiblí agus a fhaightear faoi bhailiúcháin ex situ. Tar éis theacht i bhfeidhm an leasaithe seo, áireofar an leasú seo ar aon ghlacadh leis an gConradh nó aon fhormheas ina leith, nó ar aon aontachas leis.'*.

2. Mar rogha chúltaca chun comhréiteach a éascú, mura gcomhaontaítear seasamh an Aontais a luaitear faoi phointe 1 den Iarscríbhinn seo, is féidir an mhír bhreise seo a leanas a chur le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh, tar éis an liosta de na barra bia agus na foráistí agus, sa bhreis ar an gcuid i gcamóga inbhéartaithe agus i gcló iodálach faoi phointe 1 den Iarscríbhinn seo:

   *'Nuair a bheifear ag daingniú an leasaithe seo, nó ag glacadh leis nó á fhormheas, féadfaidh Páirtí Conarthach, go heisceachtúil, líon áirithe speiceas atá dúchasach dá chríoch a dhearbhú nach gcuirfidh sé ar fáil faoi théarmaí agus coinníollacha an Chórais Iltaobhaigh. Ní dhéanfaidh dearbhú den sórt sin difear do chearta ná d'oibleagáidí aon Pháirtí Chonarthaigh eile a bhaineann leis an speiceas sin, ná do chearta ná d'oibleagáidí Airmheán Taighde Idirnáisiúnta Talmhaíochta an Ghrúpa Chomhairligh um Thaighde Idirnáisiúnta Talmhaíochta nó institiúidí idirnáisiúnta eile a thug comhaontú i gcrích leis an gComhlacht Rialaithe faoi Airteagal 15 den Chonradh seo. Féadfaidh Páirtí Conarthach a dhearbhú a tharraingt siar tráth ar bith, nó acmhainní géiniteacha plandaí do bhia agus don talmhaíocht a dhíchur óna liosta tráth ar bith, ach ní dhéanfaidh sé aon dearbhú breise*.'.